

ELeathanach 420

Dé Luain, an 17 Deireadh Fómhair 2022

An bua ag Éirinn sa chluiche sacair

Tráthnóna Dé Máirt bhí cluiche sacair idir mná na hÉireann agus mná na hAlban. Bhí sé ar siúl i nGlaschú agus ba chluiche an-tábhachtach é. Chun cáiliú do Chorn an Domhain an bhliain seo chugainn, bhí bua an-tábhachtach sa chluiche.

Sa dara leath, fuair Denise O'Sullivan an liathróid i leath na hÉireann den pháirc. Thug sí pas iontach d'Amber Barrett. D'éirigh léi an liathróid a chur faoi smacht agus dul timpeall ar an gcosantóir.

Thug Amber cic don liathróid i dtreo an chúil. Bhí a gcroíthe ina mbéil ag an bhfoireann agus an lucht leanúna, ach ar deireadh chuaigh an liathróid isteach sa chúil.

Ag críoch an chluiche, ní raibh ach an cúl seo idir na foirne. Ciallaíonn sé seo go mbeidh foireann na hÉireann ag imirt i gCorn an Domhain den chéad uair riamh!



The Voice

Is clár teilifíse é *The Voice* agus bíonn deis ag daoine a bheith ag canadh do mholtóirí difriúla. Bíonn siad ag canadh taobh thiar de na moltóirí ar dtús, agus má thaitníonn an t-amhrán agus an t-amhránaí leis na moltóirí, casann siad timpeall.

Faoi láthair tá *The Voice UK* ar an teilifís, agus tá na moltóirí ag cur a gcuid foirne le chéile. Is í seo an 11ú sraith den chlár.

Beidh *The Voice US* ag filladh san earrach. Is cosúil go mbeidh Niall Horan ina shuí i gcathaoir an mholtóra don tsraith nua seo.



Staonadh digiteach gach lá!

Ciallaíonn staonadh digiteach go nglacann duine sos ón teicneolaíocht ar feadh tamaill. Ceapann daoine go bhfuil sé go deas uaireanta briseadh a ghlacadh ó na scáileáin, chun am a chaitheamh ag labhairt le daoine eile nó chun leabhar a léamh.

I mbaile beag, Vadgaon, in iarthar na hIndia, tá staonadh digiteach oifigiúil curtha i bhfeidhm. Gach tráthnóna ó 7.00 go 8.30 bíonn cosc ar an teilifís ná an fón póca a úsáid. Tá cosc ar ghléasanna digiteacha eile chomh maith!

Caitheann daoine am ag labhairt lena chéile agus ag déanamh obair bhaile. Séideann bonnán ag 7.00 agus arís ag 8.30 chun an tús agus an deireadh a fhógairt.



Séideann bonnán.